

Éigse Loch Lao 2011 – ‘An Ghaelscolaíocht agus an Pobal’, Satharn 8 Deireadh Fómhair

Feargal Mac Ionnrachtaigh

‘Gaelsaolaíocht: Cumhachtú Pobail ón bhun aníos i dTuaisceart na hÉireann’

Réamhrá

Go raibh míle maith agaibh. Ar dtús, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le lucht eagraithe na comhdhála as cuireadh a thabhairt dom bheith i bhur láthair anseo inniu. B’fhiú dom a rá sa chéad dul síos, nach n-amharcaim ar an ábhair a bheas á phlé agam inniu mar ‘thaighde acadúil oibiachtúil’, mas rud é go bhfuil a leithéid ann, ach mar scéal atá fite fuaite le mo shaol féin mar dhuine atá ina dheantús de chuid na hathbheochana Gaelaí ó thuaidh. Ní féidir an scéal seo a chíoradh, dar liom, gan tuiscint a fhorbairt ar chomhthéacs stairiúil an choilíneachais in Éirinn mar fhráma tagartha d’idé-eolaíocht an díchoilínithe agus na frithbheartaíochta a bhí agus atá mar chúis lárnach inspreagtha go fóill i ngluaiseacht athbheochana chomhaimseartha na Gaeilge i dTuaisceart na hÉireann. Maidir le struchtúir na cainte, pléifidh mé ansin athbheochan chultúrtha sa tír ag tús an chéid seo caite; le stair chorraitheach na teanga sa stát oráisteach; an dóigh ar fhorbair an athbheochan teanga in ‘Uladh faoi cheilt’ sula n-amharcaim ar na forbairtí pobalbhunaithe a d’eascair ón bhun aníos; an staid reatha sa lá atá inniu ann; agus na dúshláin amach romhainn.

Más spéis linn tuiscint a fhorbairt ar an athbheochan teanga pobalbhunaithe ó thuaidh, ní mór inspreagadh na ndíograiseoirí agus tacadóirí a chíoradh. Cad chuige, mar sin, a mbeadh daoine bun-aicmeacha ó cheantair faoi mhíbhuntáiste soch-eacnamíochta agus faoi léigear sochpholaitiúil, ag tarraingt tuilleadh oibre agus díograise orthu féin agus iad ag glacadh cinneadh páistí s’acu a chur chuig Gaelscoil? Dar liomsa go nglacann an plé seo ar ais muid chuig ceist na hidé-eolaíochta. Sa sainmhíniú is leithne, cuireann ‘idé-eolaíocht’ síos ar an phróiseas ina mbaineann daoine ciall agus peirspictíocht ón domhan agus saol thart orthu. (Eccleshall 1992: 24) Maidir le hidé-eolaíochtaí frith-heigeamónacha, deir George Rúde (1980) go bhfuil dhá chineál idé-eolaíocht ann arbh fhiú trácht orthu. I dtús báire an idé-eolaíocht ‘inherent’, nó báinne na máthar, a shíolraíonn ón taithí saoil, traidisiúin bhéil ‘or folk memory’ seachas bheith ‘learned by listening to sermons or speeches or reading

books' (Ibid: 28). Sa darna réimse, tagann na smaointe atá ar iasacht mar idé-eolaíocht 'derived' ó fhoinsí eile; ó leabhair, ón phobal, ón scoil agus ón fhealsúnacht. Bíonn nasc agus caidreamh nádúrtha idir an dá chineál idé-eolaíocha nuair a chríochnaíonn 'inherent beliefs of one generation' fite fuaite i gcultúr an chéad ghlúin eile le smaointe 'that were originally derived from outside by an earlier one' (Ibid).

Léiríonn Rúde gur ghá don talamh bheith torthúil le go dtig le 'derived ideology' bheith 'effectively absorbed' i measc an phobail agus beidh seo ag brath cuid mhór ar na cúinsí soch-pholaitiúla agus soch-eacnamaíochta a thagann chun cinn i dtréimhsí stairiúla éagsúla, chomh maith le 'the social needs or the political aims of the classes that are ready to absorb them' (Ibid: 36) Feictear domsa go dtagann míreanna den teoiric idé-eolaíochta seo chun suntais i bhforbairt na gluaiseachta athbheochana Gaelaí sna sé chontae agus an iliomad tionscadail athghiniúna agus díchoilínithe a d'eascair ón bhun aníos.

Impiriúlachas, Coilíneachas agus Coilíniú Cultúrtha

"The basic legitimation of conquest over native peoples is the conviction of our superiority, not merely our mechanical, economic and military superiority, but our moral superiority. Our dignity rests on that quality, and it underlies our right to direct the rest of humanity." *French commissar-general Jules Harmond* (O'Dowd 1992: 27)

Ní amháin go stiúrfadh uailmhianta na hImpireachta tionscadal coilíneach Shasana in Éirinn agus ina dhiaidh sin ar fud na cruinne ar feadh na gcéadta bliain ach fosta shainmhíneodh sé idé-eolaíocht an fhorleathnaithe i measc chumhachtaí an iarthair is airde teicneolaíocht a chruthaigh crúbáil ar thailte a d'fhágfadh bochtaineacht, bás agus scrios ina dhiaidh nach bhfacthas roimhe. Mar a scríobh Said (1993: 8) go soiléir, "Colonialism", which is almost always a consequence of imperialism' is usually a merciless process which forges a relationship 'in which one state controls the effective political sovereignty of another political society. It can be achieved by force, by political collaboration, by economic, social, or cultural dependence' (Ibid).

Cuireann Parenti (1995: 1) síos ar an impiriúlachas mar 'the most powerful force in world history over the last four or five centuries, carving up whole continents while oppressing indigenous peoples and obliterating entire civilizations'. Ag croílár an léirscrios seo, dar le Parenti, tá cuspóir lárnach eacnamaíochta a thiomnaíonn próiseas 'whereby the

dominant politico-economic interests of one nation expropriate for their own enrichment the land, labour, raw materials, and markets of another people' (Ibid). Rinneadh an dúshaothrú eacnamaíochta seo a mhíniú le réasanú mórálta agus ciníoch a chothaigh an mhiotaseolaíocht gur 'sibhialtóirí' iad an lucht coilíneach. Úsáideadh 'the fashionable philosophy of social Darwinism' a chiallaigh 'the misapplication of Darwin's theory of evolution to the development of societies - was used to give a scientific gloss to the scramble for colonies' (Curtis 1984: 65).

Bhí iarmhairtí síceolaíochta ag an choilíneachas dar le Fanon (1961: 171) a d'fhág tuaraim 'deep in the minds of the native....(that) their 'history was one which was dominated by barbarism' sular tháinig ann don tréimhse coilíneach. Léiríonn an réimse shíceolaíoch seo cé chomh tábhachtach an ról a d'imir an mhír chultúrtha sa phróiseas coilíneach. Dar leis an scríbhneoir frithchoilíneach, Ngugi wa Thiong'o (1997: 16):

The real aim of colonialism was to control the people's wealth; what they produced, how they produced it, and how it was distributed; to control, in other words, the entire realm of the language of real life. Colonialism imposed its control of the social production of wealth through military conquest and subsequent political dictatorship. But its most important area of domination was the mental universe of the colonised, the control, through culture, of how people perceived themselves and their relationship to the world. Economic or political control can never be complete without mental control.

Dar le hanailís Thiong'o, déanann an daorsmacht síceolaíoch atá 'unleashed by imperialism' fríd 'cultural bomb' scrios ar an luacháil agus creidmheas a mhothaíonn pobail dhúchasacha i gcultúir, teanga agus féiniúlacht s'acu féin.¹

Mar sin féin, le go n-éireoidh leis an chomhshamlú cultúrtha seo, tá sé riachtanach dar le Freire (1989: 151) 'that those invaded become convinced of their intrinsic inferiority...and...alienated from the spirit of their own culture and from themselves', go dtí go gcríochnaíonn siad go bhfuil siad ag iarraidh bheith 'like the invaders: to walk like them, dress like them, talk like them.' Brúann an t-éispéireas comshamlaithe a thagann fríd an choilíniú cultúrtha seo, claochlú cuimsitheach ar a gcuid íobartaigh. Dar le Memmi (1965: 165); '...the crushing of the colonized is included among the colonizer's values. As soon as the colonized adopts these values, he similarly adopts his own condemnation. In order to free himself, at least so he believes, he agrees to destroy himself.'

¹ Cuireann an réabhlóidí iomráiteach ón Afraic Theas darb ainm Steve Biko síos ar an phróiseas seo ar dhóigh níos gonta, 'The most potent weapon in the hands of the oppressor is the minds of the oppressed'.

I dtéarmaí impiriúla, bhí corais oideachais foirmeálta na gcumhachtaí impiriúla lárnach sna hiarrachtaí comhshamhlaithe a cuireadh i gcrích fríd an choilíneachas. Sa chaoi seo, bhí impireacht na Breataine chun tosaigh go maith le córas oideachas coilíneach s'acu in 'outstripping the other empires in the reach of its ambition' mar go raibh 'the imperial language...represented as carrying its liberal and decent qualities on to the world stage in order to take its rightful place'(Crowley 1996: 48).² Cuireann Ngugi Wa Thiong'o (1997: 9), síos ar an bheartaíocht ar baineadh úsáid as sa chóras oideachais seo sa Chéinia sna 1950ídí:

In Kenya, English became more than a language: it became *the* language and all others had to bow before it in deference. Thus one of the most humiliating experiences was to be caught speaking Gikúyú in the vicinity of the school. The culprit was given corporal punishment- three to five strokes of the cane on bare buttocks- or was made to carry a metal plate around the neck with the inscriptions such as I AM STUPID or I AM A DONKEY. Sometimes the culprits were fined money they could hardly afford. And how did the teachers catch the pupils? A button was initially given to one pupil who was supposed to hand it over to whoever was caught speaking his mother tongue. Whoever had the button at the end of the day would sing who had given it to him and the ensuing process would bring out all the culprits of the day. Thus children were turned into witch-hunters and in the process were being taught the lucrative value of being a traitor to one's immediate community. (Ibid: 11)

B'fhiú a áiteamh go raibh polasaithe éigeantacha an bhéarlachais i bhfeidhm níos mó na céad bhliain roimhe seo in Éirinn, áit a raibh 'Britain's first colony' ina 'blueprint for the consequent models of language and colonialism practised throughout the world' (Crowley 1996: 4). Is de bharr na gcleachtaí seo gur tharla meath cultúrtha agus imeallú teangacha dúchasacha fud fad an domhain agus is spéisiúil nach gcailltear teangacha i bpobail ina mbíonn rachmas, cumhacht agus pribhléid ach dóibh siúd ata díshealbhaithe agus díchumhachtaithe. Go deimhin, ní tharlaíonn imeallú teangeolaíochta in éagmais an imeallaithe sochcultúrtha agus socheacnamaíochta ach mar dhlúthchuid de phróiseas ginearálta ina mbíonn dláithriú agus idirdhealú sóisialta, cultúrtha agus polaitiúil. (May 2002: 4)

Díchoilíniú

'Decolonisation never takes place unnoticed, for it influences individuals and modifies them fundamentally. It transforms spectators crushed with their inessentiality into privileged actors, with the grandiose glare of history's floodlights upon them.' Frantz Fanon (1961: 28)

Níorbh ionadh ar bith é gur spreag tionchar an choilíneachais seo frithghníomh i measc na bpobal dúchasach a bhí thíos leis. Go minic, bhí athbheochan agus athchumadh na gcultúr

² Crowley (Ibid) quotes from Marsh in 1862 in articulating this supremacist view: 'English is emphatically the language of commerce, of civilisation, of social and religious freedom, of progressive intelligence.....and beyond any tongue ever used by man, it is of right the cosmopolite speech'.

dúchasach ina straitéis loighciúil maireachtála i gcomhthéacs an chuspóra neamhrócairigh a bhí an chumhacht choilíneach chun bochtanas ábharach agus síceolaíoch a bhrú ar an dúchasach. Sna tionscadail dhíchoilínithe a fhorbraítear, déantar an ‘cultúr náisiúnta’ a mhúscailt agus an stair dúchais a mhúscailt mar chuid de ‘counter-continuum that mirrors the dominant ideology in its liberal mix of myth and truth’ (Ó Croidheáin 2006: 113). Dearbhaíonn Fanon (1961: 172) ‘the passion with which contemporary Arab writers remind their people of the great pages of their history is a reply to the lies told by the occupying power.’ Is de dheasca an leagan leataobhach den scéal a mhúnlaíonn an coilíní ‘that distorts, disfigures and destroys’ (Ibid: 169) an stair dhúchasach go mbíonn ar aon iarracht i dtreo maireachtála agus díchoilínithe, a mhalairt d’íomhá a chruthú

Bhí Fanon (Ibid: 178-9) den bharúil go raibh trí chéim i dtreo an díchoilínithe ag teastáil ón intleachtóir bhundúchasach chun iad a tharraingt ‘back over the line’. Sa chéad chéim, b’éigean do na dúchasaigh a aithint gur comhshamlaíodh iad ag cultúr ceannasach na cumhachta forghabhála sula mbogann siad chuig an dara céim ina bpilleán siad ar an oidhreacht s’acu chun athshealbhú a dhéanamh ar an stair dhúchasach. Sa tríú céim, ní mór don intleachtóir dúchasach iarracht thréan a dhéanamh chun pobail s’acu a mhúscailt agus a athbheochan fríd litríocht réabhlóideach dúchais a spreagadh. Go deimhin, i gcomhthéacs ‘colonial domination’ nuair bhí na cultúir dhúchasacha ‘sought in systematic fashion’, bíonn an troid chun an cultúr náisiúnta a mhúscailt dar le Fanon; ‘means in the first place to fight for the liberation of the nation, that material keystone which makes the building of a culture possible. There is no other fight for culture which can develop apart from the popular struggle’³ (Ibid: 187).

San anailís seo, ní féidir tuairim theoranta a ghlacadh den chultúr náisiúnta taobh istigh de chomhréir an bhéaloidis, focleolaíocht theibí ná ársaíocht ach caithfeár é a thuiscint mar chuid den ‘whole body of efforts made by a people in the sphere of thought to describe, justify and praise the action through which that people has created itself and keeps itself in existence’ (Ibid: 188). Ag aithint athbheochan cultúrtha ag pobail choilínithe mar ghléas

³ Is fiú a lua go dtaispeánann Fanon go leanann an próiseas díchoilínithe seo ar aghaidh fiú i ndiaidh do ‘neamhspléachas náisiúnta’ bheith bainte amach. Labhraíonn sé ar an chontúirt go mbeidh ‘new nationalist bourgeoisie’ ag teacht chun cinn sa tréimhse nuachóilíneach le réimeas dúshaothraithe comhchosúil a dhéanann aithris ar na struchtúir eagórach coilíneacha i bhfoirm dhúchasach. I rith an tréimhse coilíneach, tá an pobal coilínithe ‘called upon to fight against oppression; after national liberation, they are called upon to fight against poverty, illiteracy and underdevelopment. The struggle, they say, goes on. The people realise that life is an unending contest’. (Fanon 1961: 74)

lárnach den streachailt ghinearálta ar son fuascailt náisiúnta, thug Fanon guth do theimpléad teoiriciúil a mhíníonn na próisis a d'fhorbair i streachailtí frithchoilíneachta ar fud an domhain.

Rinne an t-oideachasóir Brasaíleach Paulo Freire an tionchar athghiniúna a bhíonn ag na próisis díchoilínithe seo ar na pobail coilínithe a mheas i bhfoirm teoirice oideachais. Deir Freire (1972a, 1972b) go dtig leis an oideachas fuascailte dúshlán a chur roimh an 'culture of silence' atá 'systematically inculcated in the colonised during the colonial phase' (1972a: 15). Dar le Freire (1972a: 162), déanann oideachas radacach cumhachtú orthu siúd atá faoi chois chun smaoinemh ar a son féin le go dtig leo 'comhfhiós criticiúil' a bhaint amach: 'The more the alienated culture is uncovered, the more the oppressive reality in which it originates is exposed....knowledge of the alienated culture leads to transforming action resulting in a culture which is being freed from alienation.'

Cuirtear síos ar an phróiseas ina sroicheadh 'na daoine' 'comhfhiós criticiúil' nó 'the maximum of potential consciousness' mar 'conscientisation' (Freire 1972a: 77-8) a thugann an cumas do dhaoine bheith mar 'conscious bodies, capable of acting...perceiving, of knowing...recreating and reflecting' (Ibid: 81). Is an t-oideachas fuascailte céanna a dhíbríonn an fhéin-íomhá dhiúltach ó intinn an duine choilínithe agus a chumhachtaíonn iad chun dul i ngleic leis an choimpléasc ísleachta a d'eascair ón choilíneachas. Bíonn siad in ann dul ar turas claochlaithe ina gcríochnaíonn siad le féinmheas, dóchas agus féinfheasacht a chumasaíonn iad chun forbairt mar 'agents of change' (Ibid: 75). I gcás na hÉireann, tchífidh muid cé chomh feiliúnach is atá teoiricí Fanon agus Freire d'idé-eolaíocht na firthbheartaíochta agus an díchoilínithe a fhorbairt.

Teanga agus Cumhacht – an Coilíniú cultúrtha a rinneadh ar Éirinn

‘It hath ever been the use of the conquerors to despise the language of the conquered, and to force him by all means to learn his’ *Edmund Spenser* (athfhriotal in Ó Fiaich 1969: 104)

‘For Cultural invasion to succeed, it is essential that those invaded become convinced of their intrinsic inferiority. Since everything has its opposite, if those who are invaded consider themselves inferior, they must necessarily recognize the superiority of the invaders. The more the invasion is accentuated and those invaded are alienated from the spirit of their own culture and from themselves, the more the latter want to be like the invaders: to walk like them, dress like them, talk like them.’ Paulo Freire (1989: 151)

Níl amhras ach go bhfuil ceangal dosheachanta ag an aistriú teanga ó Ghaeilge go Béarla a tharla in Éirinn i rith choilíniú cultúrtha fada na hÉireann le ceisteanna is ginearálta teanga agus cumhachta. Ar an tséala sin, bhí feidhm gan dabht le díothú na Gaeilge i bpolasaí an stáit Shasanaigh agus an stáit Bhriotanaigh ina dhiaidh sin mar chosaint dá n-uailmhianta fadréimhseacha coilíneachta, impireachta agus polaitíochta a treoraíodh sa deireadh ag cíocras ar thuilleadh maoine agus cumhachta. Mar sin de, sa chomhthéacs seo, ba chomhartha iad réimniú mhonarcacht na dTúdarach agus an tús ar an ré coilíneach sa 16ú céad ar bhreith *modus operandi* ba thiomanta, ba náisiúnaí, b’ionsaithí a chonaic cruthú impireachta ollmhóire san am a bhí le teacht, a spreagadh ar dhóigh ag bláthú an chaipitleachais agus a dhiongbháilteacht ar úinéireacht sealúis. (Crotty 1986)

Is mar gheall ar an choncas chóilíneach in Éirinn, gur tharla ‘an outpouring of justifications for colonization and conquest’ (Canny 1973, 581) a mhínigh an bunús straitéiseach a bhí leis an chrosáid mhorálta leis na hÉireannaigh a bhí in íochtar ó thaobh cultúir de a thabhairt chun sibhialtachta⁴. Níorbh ionadh gur fhorbair traidisiún diongbháilte na frithbheartaíochta in Éirinn de thoradh ar phróiseas an choilínithe inar caitheadh le pobail dhúchasacha ar fud an domhain ar dhóigh a gcuireann May (2002: 17) síos mar seo uirthi: ‘been consistently, often violently, dispossessed of their cultures, languages and lands, not to mention their very lives’.

Dearcadh ar ball ar an chleachtas choilíneach fhorleathan seo, a léirigh mar chosaint ar an díshealbhú tailte agus ar phlandálacha a tháinig chun buaice le Cath cinniúnach Chionn tSáile i 1601 a bhí mar chor cinniúna i stair na hÉireann. D’fhág seo lorg fuilteach ina dhiaidh

⁴ D’éirigh le Canny cosúlachtaí sonraíocha a nochtadh idir an cur síos agus an charachtracht a rinne na Sasanaigh ar na hÉireannaigh agus ar bhundúchasaigh Mheiriceá in idé-eolaíocht uileghabhálach a mhínigh agus a chosain an concas.

agus d'iompaigh cinniúint na Gaeilge go hiomlán a bhí gan mórán moille ar theanga na muintire a díshealbhaíodh, rud a chinntigh dar leat rath an choncais Éilísigh. Gríosáíodh freasúracht fhíochmhar agus frithghníomh foreigeánach in aghaidh na plandálacha agus an díshealbhaithe ón phobal dúchais, go háirithe le hÉirí Amach 1641, a spreag feachtas coilíneach neamhthrócaireach i bhfoirm lonnú Chromail i ndiaidh 1646, a bhrúigh bás, léirscrios agus coigistiú talaimh nach bhfacthas riamh roimhe a chinntigh titim ollmhór i ndaonra na hÉireann.⁵

Faoi dheireadh an chéid, chothaigh na Péindlithe, nár chuir cosc ar an Ghailge go sainiúil, teacht i réim ar cheannasacht agus forlámhas Protastúnach Béarla le smacht iomlán ar institiúidí cultúir, polaitíochta agus eacnamaíochta na hÉireann. Dhearc an réimeas úr ar an teanga go dímheasúil mar iarsma den bharbaracht ag cur síos cúlantachta agus bochtaineachta di.⁶ Le cois, daingníodh cumhacht impiriúil agus pholatiúil na Breataine go mór ónar eascair dúshaothrú eacnamaíoch gan srian agus tionchar an luathchaipitleachais ar shochaí na hÉireann (Cleary 2003). Is ar an bhonn seo ar tosaíodh ar an aistriú teanga, 'English, the language of power and of all the avenues to advancement, soon gathered momentum among those who aspired to improve their condition or to progress and participate fully in the life of the country under the new order' (Ó Tuathaigh 2005: 42). Mar sin de, faoi dheireadh an ochtú céad déag, ruaigeadh an Ghaeilge, 'from Parliament and from the courts of Law, from town and county Government, from the Civil service and from the upper levels of commercial life' (Wall 1969: 82).

Chuir an t-éileamh méadaithe ar litearthacht sa Bhéarla - agus an tráchtáil mhéadaitheach ar gheilleagar na tuaithe le cothú an mhiotais gurbh é a bhí sna nósanna traidisiúnta ná a mhalairt ar an nua-aimsearthacht. Ní nach ionadh gur mó an tionchar a bhí ag a leithéid de riachtanas éigeantach ar chainteoirí dúchais Gaeilge a bhí ag amharc ar an

⁵ Is mar gheall ar fheachtas leirscriosta agus cinédhíothaithe Chromail ar fágadh Éire scriosta agus faoi 1653 ní raibh ach leath an daonra fágtha ó 1.5 milliún duine, 40 000 a coinscríobhadh le seirbhís a thabhairt in airm na hEorpa agus bailíodh 100 000 suas lena n-aistriú chuig na coilíneachtaí nua sa Chairibeach agus i Meiriceá ina sclábhaithe (Curtis 1984: 28).

⁶ Chuaigh cuid acu chomh fada leis an Déan Anglach Jonathan Swift a raibh eagla air gur chothaigh sé mothúcháin cheannairce agus mídhílseacht, 'I am deceived if anything has more contributed to prevent the Irish from being tamed than the encouragement of their language, which might easily be abolished and become a dead one, with little expense and trouble.' (Crowley 1996: 103) De réir na réasúnaíochta seo, d'fhéadfaí bochtaineacht agus éagothrom na nÉireannach a chur síos dá n-ísleacht maidir le teanga, cine agus cultúir agus ní don ionradh, don leatrom ná do dhíshealbhú a dtailte a tharla ina dhiaidh sin ag na Sasanaigh (Williams 1992: 130)

lombhochtaineacht ná an rogha phearsanta agus próiseas an choilínithe chultúrtha ag méadú leis in Éirinn mar a mhínigh Memmi (1965: 151):

‘The colonized’s mother tongue ... is precisely the one which is least valued ... If he wants to obtain a job, make a place for himself, exist in the community and the world, he must first bow to the language of his masters. In the linguistic conflict within the colonised, his mother tongue is that which is crushed. He himself sets about discarding this infirm language, hiding it from the sight of strangers.’

Mar a mhínigh Éireannach amháin ar dhóigh chuí, bhí a ndílseacht scoilte idir a dteanga náisiúnta, ‘the language of his heart’ agus an Béarla ‘the language of his commerce’ (Crowley 2000: 34)

Is fiú a thabhairt chun cuimhne fosta, gur éascaigh an Eaglais Chaitliceach comhshamhlú coilíneach sa tréimhse seo ar mhaithe lena marthanas féin agus le méadú stádais. Mar shampla, bhí an Bhéarla mar rogha teanga i Má Nuad, an coláiste náisiúnta oiliúna do shagairt Chaitliceacha ó osclaíodh é in 1795 (Crowley 2000: 84), ainneoin gur chainteoirí aontangacha Gaeilge iad móramh an lucht pharóisteachta. Bhí claonta cosúla follasacha i dtreo an chomhshamlaithe chun cinn go mór i gceannaireacht an náisiunachais bhunreachtúil sa tréimhse chéanna.⁷

Rinne leagan anuas na ‘sibhialtacht’ ag córas na Scoileanna Náisiúnta in 1831 neamhtheanga den Ghaeilge agus neamhdhaoine de na hÉireannaigh i bpróiseas foirmiúil oideachais ar thug Pádraig Mac Piarais *The Murder Machine* air níb fhaide anonn. Léiríonn an dán míchlúiteach éigeantach tionóil mhaidne i seomraí scoile stáit an méid seo.

‘I thank the goodness and the grace
Which on my birth have smiled;
And made me in these Christian days,
A happy English child’ (Kiberd 1991: 29)

⁷ Ghlac Dónall Ó Conaill, a bhí ina cheannaire sa naoú céad déag ar fhechtas ar fhuascailt na gCaitliceach agus ina chainteoir dúchais Gaeilge as Contae Chiarraí, go héighníomhach le meath na teanga, ‘the superior utility of the English tongue, as the medium of all modern communication, is so great, that I can witness without a sigh the gradual disuse of Irish’ (Curtis 1994: 26).

Ar an dóigh sin, teagascadh do pháistí na hÉireann go ndearna foghlaim na Gaeilge damáiste do shealbhú an Bhéarla agus gur léirigh easpa Béarla a dtuismitheoirí easpa éirimiúlachta agus sibhialtachta, rud a chothaigh náire as a gcultúr dúchais agus as a dtuismitheoirí neamhliteartha (Nic Craith 2001: 103). Rinneadh an dearcadh domhanda seo a dhaingniú fríd pionós foréigineach a ghearradh ar pháistí ar rugadh orthu ag caint Gaeilge sa seomra ranga nó sa bhaile.⁸

In ainneoin an damáiste suntasach a rinne an córas náisiúnta oideachais, d'fhan níos mó ná leath na ndaoine ina gcainteoirí Gaeilge de réir dhaonáireamh 1841 (Hindley 1990: 15). Mar sin féin, ba ghasa a chealaigh an tionchar tubaisteach déimeagrafach a bhí ag an Ocras Mór air seo agus a dhíothaigh sé pobal labhartha na Gaeilge, 'decimated Irish-speaking Ireland through death and emigration' (Ó Tuathaigh 2005: 43). Bhí an taithí seo ar chomhshamhlú in Éirinn ina scáthán ar straitéis is leithne coilíneachta na Breataine, a raibh scrios agus/nó comhshamhlú teangacha agus cultúr dúchasach mar pháirt de. Chruthaigh a leithéid d'ionradh ar chultúr ní amháin géillsinigh sclábhánta dhílse ach chomh maith leis sin d'éascaigh sé cumhacht eacnamaíoch agus maoin na himpireachta a bhí ag méadú léi.

Díchoilíniú agus frithbheartaíocht

'To live, the colonized must... do away with the colonized he has become. The most urgent claim of a group about to revive is certainly the liberation and restoration of its language.'

Alberto Memmi

Spreagfadh an coilíneachas in Éirinn, mar a dhéanfadh i gcásanna eile ar fud an domhain, mothú frithchoilíneach agus é sáite in idé-eolaíocht díchoilínithe a nochtáítear go minic tríd athghabháil na staire agus athbheochan chultúrtha ag an phobal faoi chois. Sa chomhthéacs

⁸ Úsáideadh an bata scoir míchlúiteach in Éirinn leis na hócáidí a mbeadh páistí ag caint Gaeilge a chlárú agus le cosc a chur orthu Gaeilge a labhairt, trí phionós gasta neamhfhoirmiúil bheith á chur ag an mháistir scoile orthu bunaithe ar líon na n-eangaí ar an bhata. Léirítear an próiseas seo sa chur síos thíos ó Sir William Wilde, agus é ag tabhairt cuairte ar phobal Éireannach ag lár na naoú haoise déag: 'A little boy about eight years of age, addressed a short sentence in Irish to his sister, but meeting his father's eye, he immediately cowered back, having to all appearance, committed some heinous fault. The man called the child to him, said nothing, but drawing forth from its dress a little stick...which was suspended by a string around the neck, put an additional notch in it with his penknife. We were told that it was done to prevent the child from speaking Irish; for every time he attempted to do so a new nick was put in his tally, and when these amounted to a certain amount, summary punishment was inflicted on him by the schoolmaster.' (Ó Giolláin 2000: 66)

Éireannach, d'imir athmhuscailt na spóirt dúchais ról lárnach sa díchoilíniú cultúrtha le theacht chun cinn Chumann Lúthchléas Gaeil in 1884. Mar phríomhbhunaitheoir na heagraíochta, bhí Michael Cusack den bharúil go dtiocfadh leis 'redress the bruising encounter with colonialism, with its persistent hallowing effect on indigenous culture' (Whelan 2005: 151). Ghlac seo dúshláin na príomhspóirt reatha ag an am ar nós sacar, rugbaí agus cruicéad agus chothaigh sé 'nationalizing idiom, a symbolic language of identity filling the void created by Anglicisation' (Whelan 2005: 150). Fán bhlian 1890, bhí níos mó na 100 cumainn ann ar fud na tíre.⁹

Sa mhullach air seo, tháinig bunú Chonradh na Gaeilge in 1893 agus é d'aidhm oscailte acu an mothú íochtaránachta a chothaigh blianta an Ghalldaithe agus an choilíneachais a ruaigeadh go feidhmiúil trí bheith ag moladh go ndéanfaí an teanga a athbheochan mar theanga labhartha. Mar ba dhual dóibh, fuair luathghníomhaithe Chonradh na Gaeilge amach an méid seo 'many were ashamed to admit they knew Irish, because it was associated in their minds with illiteracy, poverty and proselytism' (Ó hAilín 1969: 92-93) Mar sin de, chuir polasaithe radacacha oideachais an Chonartha béim ar ranganna teagaisc chomh maith le feachtasaíocht oscailte pholaitiúil le stádas na teanga a ardú. Ba é an toradh a bhí air sin ná gur glacadh leis an Ghaeilge faoi 1900 mar ábhar roghnach príomhshrutha i gCóras Scoileanna Náisiúnta na Breataine (in Éirinn) a bhí le teagasc taobh istigh d'uaireanta scoile. Glacadh le polasaí dátheangach an Chonartha do bhunscoileanna na Gaeltachta¹⁰ (Ibid: 99). Gan dabht, ba é an bua ba mhó ná nuair a rinneadh ábhar éigeantach Máithreánach den Ghaeilge in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann i ndiaidh do ghníomhaithe Chonradh na Gaeilge a ngréasán tacaíochta a úsáid le brústocaireacht a dhéanamh ar údaráis na hollscoile (Comerford 2003: 141).

Sa tréimhse seo, chuaigh gluaiseacht na Gaeilge, mar a tharla i mórán streachailtí frithchoilíneacha ar fud an domhain, le fórsaí forásacha an náisiúnachais¹¹ ar tharla méadú as cuimse dá bharr sa tacaíocht nuair a d'ardaigh líon na gcraobhacha ag Conradh na Gaeilge ó

⁹ Deir Whelan (2005: 149) go n-aithnítear an CLG ag staraithe spóirt mar an eagraíocht spóirt is mó fáis ar domhan.

¹⁰ Faoi 1916, bhíothas ag teagasc i níos mó ná leath de scoileanna na Gaeltachta trí mheán na Gaeilge (Hindley 1990: 14).

¹¹ Arís d'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil taithí na hÉireann ag teacht le trí chéim an Choilínithe ag Fanon (1961: 193)

120 in 1900 go dtí 985 in 1906 agus buaiclón ballraíochta de 75,000. I rith na tréimhse seo, shocraigh athbheochanóirí radacacha mar Phádraig Mac Piarais ar bheartais nuálaíoch a thabharfadh aghaidh ar ‘mental enslavement’ an chórais scoileanna náisiúnta a leagadh anuas ar thug sé ‘The Murder Machine’ air. D’áitigh sé gur bhunaigh an córas seo daormacht na Breataine, ‘Education should foster; this education is meant to repress. Education should inspire; this education is meant to tame...The English are too wise a people to educate the Irish in any worthy sense.’(Pearse 1976: 6) Nuair a bhunaigh sé Scoil Éanna agus Scoil Íde, bhí an Piarasach ar na chéad daoine a mhol an ‘decolonising of the mind’ agus ghríosaiigh gníomhaithe agus scríbhneoirí i Meiriceá Laidíneach agus san Afraic ina dhiaidh sin.

Dheifreodh tionscadal Chonradh na Gaeilge an streachailt le neamhspleáchas polaitiúil a bhaint amch in Éirinn agus ar an ábhar sin, an Réabhlóid Éireannach, agus níl mórán tráchtairí ann a d’easaontódh le hachóimre FX Martin, ‘the Gaelic resurgence was the revivifying force which made possible the Easter Rising of 1916’(Rees 1998: 211). Nuair a tharla an Éirí Amach, léiríonn an fhírinne gur bhaill den eagraíocht a bhí i seisear de sheachtar sínitheoirí an Fhorógra agus gur luadh gach oifigeach ar an Choiste Gnótha as páirt a ghlacadh san Éirí Amach nuair a caitheadh, nó a gortaíodh nó a tugadh ina bpríosúnaigh nó a d’imigh sé dhuine dhéag dá chuid ball (Ó Huallacháin 1994: 72).

D’fhreagair Rialtas na Breataine teacht amach an phoblachtachais radacaigh trí iompú arís ar bheartais dhaormachta agus trí cur i bhfeidhm an dlí mhíleata a charcraigh gan triail mórán ionadaithe a toghadh go daonlathach. Fógraíodh go raibh Conradh na Gaeilge ina ‘dangerous organisation which encourages and aids persons to commit crimes’ (Ó Fearaíl 1975: 45) agus is é a rinneadh leis, ‘made illegal including its meetings and persons organising them or attending were liable to prosecution by a court under Army jurisdiction’(Ó Huallacháin 1994: 75). Is amhlaidh a neartaigh na beartais ghéarleanúna seo rún na n-athbheochanóirí teanga agus ag chéad chruinniú Dháil Éireann a reáchtáladh i dTeach an Ard-Mhéara, i mBaile Átha Cliath in Eanáir 1919, foilsíodh ord an ghnó go dátheangach agus is i nGaeilge is mó a seoladh imeachtaí an chruinnithe (Ó Gadhra 1989: 57).

Mar sin féin, d’athraigh rudaí go mór nuair a scoilteadh ghluaiseacht na Poblachta agus nuair a rinne Rialtas na Breataine idirbheartú ar an Chonradh le gluaiseacht neamhspleáchais na hÉireann in 1921 a dhaingnigh deighilt sé chontae de chuid Uladh san

Oirthuaisceart faoi smacht na nAontachtach.¹² Tháinig meathlú iomlán ar Chonradh na Gaeilge i ndiaidh 1922 ar an ábhar gur creideadh go nglacfadh an stát anonn an athbheochan ach ba é nádúr na scoilte go príomha agus brúidiúlacht an chogaidh chathartha a stróic mórán craobhacha as a chéile (Lyons 1973: 636). Chealaigh scoilteanna idé-eolaíocha agus polaitiúla fuinneamh agus neart an Chonartha ar tharla titim uafásach mór sa bhallaíocht dá bharr ó 700 craobh in 1920 go dtí 565 in 1922 (Ó Fearáil 1975: 45).

Dar le Ó hÉallaithe, maidir le tír na hÉireann de, (2004: 165), ‘became a disturbing retreat into a conservative type of cultural protectionism’ a choimhthigh ina dhiaidh sin glúin iomlán de ghníomhaithe radacacha agus d’intleachtóirí a thabharfadh tacaíocht b’fhéidir do chlár cultúrtha ab fhorásaí. Go deimhin féin, chaill tionscadal an díchoilínithe, a bhí i ndiaidh an réabhlóid Éireannach a spreagadh, ‘an important ally when the intellectuals turned their backs’ (Ibid) Theip ar riarachán saorstáit a bhí eaglach agus frithghníomhach na cuspóirí fuascailte de chuid na hathbheochana a spreagadh i státchóras a bhí faoi smacht ag an bhunaíocht choiméadach ar láimh amháin agus Eaglais Chailticeach Uathlachach ar an láimh eile. Dar le criticeoirí cultúir ar nós Smyth (1999: 37):

Despite the best efforts of its liberal and left wings, radical decolonisation was commandeered by a nationalist bourgeois elite¹³ which tried to arrest the process at the point where it assumed control of the státé apparatus left vacant by an offshore power. The drive towards an essential national identity in the years after 1922 actually reinforced social and political hierarchies even as it claimed to be an agent of liberation from such hierarchies.

¹² Scoiltfeadh siad seo fosta gluaiseacht na teanga gan leigheas agus rinneadh cnámh spairne den teanga idir campaí a bhí i bhfabhar an chonartha agus iad siúd a bhí ina éadan maidir le cé is mó a bhí luaite le tionscadal na hathbheochana (Mac Poilín 1997: 43). Ba léir na scoilteanna seo ar dhíospóireachtaí ar an Chonradh nuair a labhair an gnómhaí teanga agus TD frith-Chonartha Cathal Brugha Béarla lena chéilí comhraic, ‘condescended to speak to his opponents in English, “the language of their masters”’. (Laffan 1999: 237)

¹³ Cé go mbeadh cuntas níos mionsonraithe ar theip shuntasach rialtais Shaorstát Éireann, i ndiaidh 1922, tabhairt faoin dúshlán a bhain le hathbheochan na teanga taobh thall de scóp an pháipéir seo, is é mo bharúil, mar a léiríonn an t-athfhriotal thuas, go bhfuil anailís Fanon (Ibid: 163) ar an dóigh a dtig le ‘nationalist bourgeoisie’ cuspóirí díchoilínithe streachailte chun saoirse a leithleasú muna líontar é le comhfhiós radacach polaitiúil agus sóisialta, iomlán oiriúnach do chás na hÉireann.

‘Imeallú agus naimhdeas’ – An Stát Oráisteach

‘What use is it here in this busy part of the Empire to teach our children the Irish language? What use would it have to them? Is it not leading them along a road which has not practical value? We have not stopped the teaching; we have stopped the grants, which I think amounted to £1,500 a year. We have stopped the grants simply because we do not see that these boys being taught Irish would be any better citizens.’ *Stormont Prime – Minister James Craig, 1933.* (Andrews 1997: 83)

Leag críochdheighilt na hÉireann an dúshraith do chruthú an chéad stáit aon-pháirtí san Eoraip in Oirthuaisceart na tíre, a dearadh le móramh buan aontachtach a chuirfeadh cosc ar náisiúnaithe Éireannacha cumhacht pholaitiúil, fostaíocht agus tithíocht a rochtain, rud a thug stádas íochtaránach dála na cinedheighilte dóibh (Farrell 1976). Níor fágadh aon spás do fhriotail polaitiúil ná cultúrtha ar náisiúnachas Éireannach ná ar Éireannachas ar breathnaíodh air mar bhagairt don chultúr cheannasach Bhriotanach. Lena chois sin, breathnaíodh ar an Ghaeilge agus ar lucht a craobhscaoilte, Conradh na Gaeilge mar bhagairt, ‘an anti-British counter-culture dominated by republican separatists’ arbh ionann cur chun cinn na Gaeilge acu agus, ‘the promotion of sedition and disloyalty under another name’ (Andrews 1997: 56).

San am seo, chuir polasaí stáit agus daorsmacht stáit bac ar iarrachtaí deonacha, neamhoifigiúla ar son na teanga sa dúiche a bhí faoi dhlínse Rialtas Bhéal Feirste. Bhí craobhacha uile Chonradh na Gaeilge i nDeisceart Uladh i ndiaidh stopadh de bheith ag feidhmiú roimh dheireadh 1922 nó b’éigean d’eagraí an chúige teitheadh ó na sé chontae faoi bhagairt a ghabhála agus a charcraithe in 1923 agus d’éirigh sé as a phost níos moille an bhliain sin.¹⁴ (Ó Huallacháin 1994: 108) Thapaigh an rialtas aontachtach an deis lena naimhdeas a léiriú don Ghaeilge le hAcht Oideachais 1923 a chealaigh a bheag nó a mhór obair Chonradh na Gaeilge a rinneadh le fiche bliain roimhe sin rud a chuir tús dáiríre le polasaí faille córasaí agus géarleanúna reachtaíochta¹⁵.

¹⁴ Léiríonn tuairisc 1926 an chonartha cé chomh hólc is a stoitheadh an eagraíocht sin, ‘Little of the body of the Gaelic League remains after the destruction of the last 3 or 4 years. Most of the people are apathetic...older people fight shy of Irish in case it would draw the suspicion of the Government on them.’ (Ó Huallacháin 1994: 108)

¹⁵ Tagann na beartais seo, dar le Ó Croidheáin (2006: 192), agus an t-éileamh rathúil cinsireacht a dhéanamh ar théacsleabhair a bhain le stair, le heacnamaíocht, le saoránacht agus le Gaeilge, leis an ‘classic colonial policy’ a bheith ag smachtú ní amháin san am i láthair ach fosta, mar a chonaic muid ní ba luaithe, le staireolaíocht choilínithe, léiriú an ama atá caite mar a scríobh Fanon (1961: 169), ‘Colonialism is not satisfied merely with holding a people in its grip and emptying the native’s brain of all form and content...it turns to the past of the oppressed people, and distorts, disfigures and destroys it’.

In ainneoin gur cuireadh deireadh le gach deontas speisialta do theagasc na Gaeilge sa stát nua Tuaisceartach agus gur íslíodh a stádas chomh híseal le grád 7, bhí tuilleadh brú ag teacht ar réimeas Stormont ó dhílseoirí neamhghéilliúla¹⁶ ag éileamh stop le táillí a íoc don teanga mar ábhar breise.’ (Andrews 1997: 77) Cé gurbh é an cuspóir céanna a bhí i gcomhar ag an Phríomh-Aire agus ag a Rialtas chomh maith, a spreag na barúlacha antoisceacha dílseacha seo¹⁷, sheachain siad an t-éileamh ar chosc iomlán a chur ar an Ghaeilge i leaba daorsmacht reachtaíochta níos fad-tearmaí nach raibh chomh sofheicthe sin agus a bhí ní ba phragmataí. Ceadaíodh di leanúint ar aghaidh mar ábhar roghnach ach san am céanna cuireadh teorainn go seasmhach le deiseanna agus le hairgead a chuideodh lena teagasc.¹⁸

Go deimhin, tá freagra Craigavon ar éilimh Chonradh na nDílseoirí inar scríobh sé gur mhothaigh a rialtas go raibh sé , ‘better to keep a control by means of regulations over activities of this character than to drive them underground where they will undoubtedly tend to germinate and exert a baneful influence’ (Ibid), ag teacht leis an seasamh seiftiúil straitéiseach, a d’fhorbair Rialtas na Breataine agus iad ag déileáil ar dhóigh níos fialaithe le Conradh na Gaeilge go luath san fhichiú céad, seasamh, a léirigh dearcadh stát Thuaisceart Éireann agus iad ag plé leis an Ghaeilge ó shin i leith.

Mar sin de, d’fhéach an stát Aontachtach ar iarrachtaí le dlisteanacht a bhaint amach don Ghaeilge mar ionsaí ar fhorlámhas an chultúir Bhriotanaigh, a spreag tréaniarrachtaí eile chun a himeallaithe agus a díothaithe. Tharla ceann amháin den iliomad samplaí seo sa bhliain 1948, nuair a ritheadh reachtaíocht idirdhealaitheach i bhfoirm leasú ar an Acht um Shláinte Phoiblí agus Rialtas Áitiúil, a chuir cosc ar ardú chomharthaí sráide i nGaeilge. Tharla sé seo mar fhreagra díreach ar nochtadh comharthaí sráide i nGaeilge ag

¹⁶ D’ionsaigh feisire parlaiminte amháin darbh ainm William Grant an teanga go fíochmhar sa Pharlaimint agus é ag caint le rúnaí oideachais na Parlaiminte, ‘the only people interested in this language are the people who are the avowed enemies of Northern Ireland- and does he not think the time has now arrived when this grant should be cut off?’

¹⁷ I bhfreagra a shínigh duine dá n-oifigeach ar Chonradh na nDílseoirí, scríobh Craigavon, ‘he (the PM) is by no means convinced that repressive measures would affect the object which both you and he desire. A prohibition of Irish teaching in the schools might have a result the very opposite to that intended.’ (Andrews 1997: 76) Léiríonn sé seo go soiléir na comhspéiseanna a bhí ag dílseoirí, idir phragmatach agus antoisceach, i dtaca leis an Ghaeilge, mar atá, a díothú.

¹⁸ Nuair a tharla an deis i ndeireadh 1933, vótáil an Rialtas d’aonghuth, i bparlaimint a raibh baghcat déanta ag náisiúntóirí uirthi le bliain roimhe sin as frustrachas, stad a chur le híoc táillí do theagasc na Gaeilge mar ábhar breise, ar chúiseanna a ndearna Craigavon achoimre orthu cúpla bliain ina dhiaidh sin, ‘We have stopped the grants simply because we do not see that these boys being taught Irish would be any better citizens’ (Ibid: 83)

comhairlí náisiúntacha ar an Ómaigh agus in Iúr Chinn Trá, a chuir fearg mhór ar Aontachtóirí nach dtiocfadh leo ‘tolerate the naming of our streets in a language which is not our language’ (Maguire 1991: 11) mar a dúirt Brian Faulkner a bhí ina Phríomh-Aire i Stormont ina dhiaidh sin. Lena chois sin, d’eascaigh seo tonn de reachtaíocht draganta trí na 1950í le béim a chur le feidhmiú forleathan Acht na gCumhachtaí Speisialta. Is é a bhí i Reachtaíocht um Ordú Poiblí (1951) agus in Acht na mBratach agus na Suaitheantas (1954), ná beartais éigeandála dhiana a cheadaigh do rialtas Stormont friotal cultúrtha nó polaitiúil ar Éireannachas ag an mhionlach imeallaithe náisiúnach a smachtú.

‘Ulaigh faoi cheilt’ – marthanas, díchoilíniú agus frithbheartaíocht

‘Ná habair é, dean é/ don’t say it, do it’ - mana clúiteach de chuid Chumann Chluain Ard

In ainneoin an naimhdis oifigiúil maidir leis an teanga a léirigh an stát ceannasach aontachtach i ndiaidh na críochdheighilte, rinne oibrithe teanga deonacha a ndícheall an folús a líonadh agus freagracht a thógáil orthu féin as soláthar ranganna Gaeilge agus as spreagadh na hathbheochana cultúrtha mar chúiteamh ar an neamart sa chóras oideachais ó thaobh theagasc na Gaeilge de. Chruthaigh na tionscadail éagsúla seo ‘a hidden Ulster of revivalism which enjoyed hardly any relations with statutory authorities and which was entirely alienated from the culture of the státé’ (De Brún 2006: 11).

Ba é ceanncheathrú Chonradh na Gaeilge i mBéal Feirste an Ardscoil,¹⁹ ar dearnadh í a atógáil in 1928, a bhí mar ionad lárnach don ghníomhaíocht seo, a bhí ina dhiadh sin mar phríomhionad san athbheochan chultúrtha sna blianta a tháinig ina dhiaidh. Bhí gluaiseacht na teanga sa ré seo, mar a bhí trí réanna eile mar scáth idé-eolaíoch do náisiúntóirí, phoblachtánigh agus shóisialaithe, cuid mhaith acu ó chúlra lucht oibre. Is sa chomhthéacs seo in 1936, agus dífhostaíocht as cuimse agus bochtaineacht fhorleathan ann a tharla sé seo, ‘two unemployed young men Seamus Maxwell and Liam Rooney, set up Cumann Chluain Ard in an old covered gateway in Kane Street beside Clonard Monastery in West Belfast.’ (Mac Seáin 2006: 4)

¹⁹ Bunaíodh an Ardscoil in 1911 mar cheanncheathrú ar Chonradh na Gaeilge i mBéal Feirste i Sráid na Banríona ag croílár ghníomhaíocht athbheochan na teanga sa chathair sular bhog sé go Sráid Dhubhaise i 1928 áit ar leanadh den obair chéanna go dtí gur bruiteadh an áit de thaisme sa bhliain 1985 (Foras na Gaeilge 2007).

Nuair a ghlac an cumann cinneadh radacach a bheith mar chumann ‘Gaeilge amháin’ in 1953, is é a bhí déanta ag an fhealsúnacht nua dar le Mac Seáin (2006: 4) ná ‘set up an alternative Irish language movement, more outspoken than the mainstream Gaelic league, which many of them looked upon as being too mild and bourgeois.’ Bhí croíbhaicle de dhíograiseoirí óga idéalacha ann a tháinig chun tosaigh den chéad uair sna mallchaogaidí leis an smaoinemh nuálach go dtiocfadh leo Gaeltacht uirbeach a bhunú in iarthar Bhéal Feirste.²⁰ Nuair a smaoinimid gur ón lucht oibre a d’eascair an tionscadal díchoilínithe cheannródaíoch seo i gcúinsí neamhfhabhrach sochpholaitiúla agus socheacnamaíocha agus i gceantar a bhí thíos le leithcheal polaitiúil, coimhthiú forleathan agus éagóracha sóisialta, is amhlaidh is mó atá éachtaí s’acu inmholta (Nig Uidhir 2006: 138). Cé gur ghlac pleanáil agus cur i gcrích an tionscadail naoi mbliana ar fad sula raibh toradh air in 1969, d’fhan tiomóntas na croíbhaicle céanna, ‘who never wavered in their determination to realize their goal’ agus d’éirigh leo ‘without one penny of grant aid or government subvention’ (Ibid).

Ar a bharr sin, d’éirigh le díograiseoirí Bhóthar Seoighe an chéad naíonra Gaeilge a bhunú sa tuaisceart dá bpaistí in 1965 agus ansin bhuail siad le húdaráis Stormont le bunú Gaelscoile a phlé (Mac Seáin 2006: 4). Ina dhiaidh sin fuair siad litir bhagartha inar scríobhadh, ‘that teaching through the medium of the Irish language would not be deemed to be proper instruction for young children’ agus; ‘the law would be allowed to take its course’ más rud gur bunaíodh an scoil (Ibid). Mar ba dhual dóibh rinneadh neamhaird den bhagairt agus bunaíodh ar Bhóthar Seoighe Scoil Ghaeilge Bhéal Feirste ar tugadh Bunscoil Phobal Feirste uirthi ina dhiaidh sin, an chéad Ghaelscoil i dTuaisceart na hÉireann le naonúr páistí in 1971 agus na sé chontae i lár coimhlinte polaitiúla/míleata. Seasann bunú na chéad Ghaelscoile sa tuaisceart in 1971, in ainneoin a raibh ina héadan, mar chroíghné an tionscadail úrnua dhíchoilínithe ar Bhóthar Seoighe a chuir síol a mbeadh borradh air sna 1980í faoi thionchar claochlaitheach streachailt príosúin na bpoblachtach sa Cheis Fhada.

²⁰ Dar le hAndrews (1991: 98), bhí siad spreagtha ag an dóchas go dtiocfadh leo ‘...construct a set of values and an institutional framework that could bring a modern independent Irish-speaking society into existence, using what remained intact and worthwhile of pre-colonial Gaelic Ireland. Preservation and development of the Gaeltacht and on the establishment locally of a variety of Irish-speaking institutions in the belief that they may coalesce, creating the nucleus of this new society...’

I gcásanna champa príosúin na Ceise Fada, ‘a group of dedicated language activists came through inspired by the writings of Pearse, Friere and Fanon’²¹ (Agallamh le Jake Mac Siacais in Mac Ionnrachtaigh 2008), agus i rith na hagóide pluide²², agus forbraíodh an Ghaeilge, mar a tharla roimhe sin i bpríosúin eile ar nós Frongoch in 1916-17, an Currach sna 1940í agus Carcair Bhóthar Chroimghlinne sna 1940í and 50í, mar chloch choirnéil i bhforbairt agus i bhfrithbheartaíocht na bpríosúnach poblachtánach. Bunaíodh botháin Ghaeltachta i gCásanna 10 agus 11 den Cheis Fhada agus d’éirigh díograis an-pholaitithe ar son na Gaeilge i gcomhar le forbairt aonarach idé-eolaíoch na n-diograiseoirí a fuair spreagadh polaitiúil ó streachailtí frithchoilíneacha san Afraic agus i Meiriceá Laidineach.

Léirítear an tsuim idéalach seo sa Ghaeilge, agus creatlach ide-eolaíochta Fanon, sa ráiteas simplí ó Jim McCann, duine de na príosúnaigh, a rinne nasc lena bhfís pholaitiúil, ‘we recognised the lengths the imperialists went to destroy the language and from this reasoned that it must be important’ (Mac Ionnrachtaigh, 2008: 173). Thosaigh na príosúnaigh seo a bhaint tairbhe as próisis oideachasúla fhuascailte, mar a dúirt McCann, ‘not only did I learn the language but I learned why I had went [sic] to jail and what was keeping me in jail and more importantly we learned how to begin breaking all these things down’ (Ibid). Thug an próiseas oideachasúil seo bail ‘knowing subjects’ agus ní ‘as recipients’ orthu agus chuidigh leo maidir le ‘a deepening awareness both of the sociocultural reality which shapes their lives and the capacity to transform that reality’ (Freire 1972b: 51).

Bhí ról ar leith ag an teanga sna hagóidí príosúin bhloic H ó 1976 i leith nuair a spreag a lán de na díograiseoirí céanna ó na cásanna forbairt oideachasúil fhíor-dhochreidte faoi choinníollacha eisceachtúla agus in amanna dofhulaingthe. I rith agóid phluide 1976-81, d’úsáid príosúnaigh an Ghaeilge mar mheán siombalach frithbheartaíochta agus mar fhoirm phraiticiúil slánaithe ó mheath síceolaíoch nuair a bhain na céadta príosúnaigh líofacht amach²³. Bhí cumhacht fuascailte ag an teanga a chuir claochlú ar an phríosún agus ar na príosúnaigh, i dtaca leo féin agus i dtaca leis an saol taobh amuigh agus thóg sí caidrimh

²¹ Athgabhadh agus athcharcraíodh an grúpa céanna gníomhaithe seo i mbloic H i rith na hagóide pluide (feic thíos) agus threoraigh siad próiseas an Ghaelaithe i measc na bpríosúnach, dar le Mac Siacais.

²² Príosúnaigh phoblachtacha a thosaigh ar an agóid phluide i bpríosún na Ceise Fada, i mbloic H HMP Maze na hardslándála, idir 1976-81 in éadan pholasáí coiriúlaithe rialtas na Breataine a bhain stádas polaitiúil de na príosúnaigh phoblachtacha. Chaill na príosúnaigh a dhiúltaigh éide príosúin a chaitheamh agus obair phríosúin a dhéanamh, chaill siad gach pribhléid agus cuireadh faoi ghlas iad ina gcillíní, 24 uair sa lá gan ach pluideanna mar éadach orthu. Ba é an deireadh a bhí ar an agóid ná go bhfuair deichniúr príosúnach bás ar stailc ocrais i 1981 (feic Beresford 1986).

²³ Scairteadh ranganna Gaeilge amach ó na cillíní agus na cimí faoi ghlas i dtólamh. Rinneadh aithris ar shamhail an oideachais neamhfhormiúil ó na Cásanna, ina ndearnadh múinteoir den dalta nuair a baineadh amach leibhéal áirithe líofachta. Féach Mac Ionnrachtaigh (2008), le haghaidh cur síos mion.

chomrádaíochta nach dtiocfadh leis na húdaráis a threá nó bhí sí dothuigthe ag bardóirí nach raibh acu ach Béarla mar mheán cumarsáide. Mhéadaigh úsáid fhorleathan na Gaeilge agus d'éascaigh sí comhthuiscint pholaitiúil níos cumhachtaí i rith na dtréimhsí is fadfhulangaí den agóid nuair a d'ardaigh brúidiúlacht na mbardóirí príosúin. Mar a mhínigh Máirtín Ó Maolmhuaidh (Mac Ionnrachtaigh 2008: 190):

... is cinnte sná tréimhsí deacra ar an phluid gur fheidhmigh an Ghaeilge mar sórt armlóin dúinn in éadan an chórais... mar ghléas spreagtha chun cur in aghaidh an chórais stáit taobh istigh den phríosún mar a chuir muid ar an taobh amuigh... fuair a lán daoine spreagadh ar an bhonn seo.

Is léir go ndeachaigh tábhacht ghinearálta na athbheochana cultúrtha seo mar fhoirm den fhrithbheartú príosúntachta níos fhaide ná teorainneacha an chillín phríosúin agus láithreachta na hagóide í féin trí thionchar fadréimseach a imirt taobh amuigh de gheataí an phríosúin i dtuaisceart na hÉireann.

D'athraigh sé go buan nádúr agus rathúlacht ghníomhaíocht na Gaeilge sa Tuaisceart trí thionchar mór ar líon na bpáistí a bhí ag freastal ar an chéad Ghaelscoil sa Tuaisceart.²⁴ Spreagadh daoine taobh amuigh den phríosún ag na forbairtí seo agus mhothaigh siad má bhí príosúnaigh ábalta cur suas le cúinsí dofhuilgtha agus an teanga a fhoghlaim gan pheann gan pháipéar, nár cheart go stopfadh aon rud iad féin le háiseanna cuí. (Ó hAdhmaill 1984: 9) I gcás na hagóide pluide agus na stailceanna ocrais, nuair a labhair agus nuair a scríobh príosúnaigh phoblachtacha mar Bobby Sands an Ghaeilge, mhéadaigh sé ar an tarraingt a bhain léi i dtaca le poblachtánaigh agus le náisiúntóirí ar an taobh amuigh.

Bhí tionchar láidir polaitithe ag na stailceanna ocrais ó thuaidh agus ó dheas in Éirinn agus spreag scríbhinní dátheangacha Bobby Sands spéis sa Ghaeilge go forleathan agus rinne nasc láidir idir streachailt chultúrtha agus aidhmeanna polaitiúla níos leithne ar son féinchinntiúchán náisiúnta (Sands, 1998). Mar a dúirt an gníomhaí teanga, Eoghan Ó Néill:

D'athraigh an stailc ocrais achan rud ...roimhe seo, bhí sciar don phobal náisiúnach a bhí i bhfách leis an Ghaeilge ariamh ach bhí sciar measartha mór eile nach raibh goite leis ar dhóigh ar bith... Bhí clú ar na cimí a fuair bás mar ghaeil líofa...d'aistrigh seo dearcaí daoine nár smaoinigh ar an Ghaeilge ar bhealach streachailte ariamh...bhí bá ann i gcónaí don teanga ach thosaigh daoine ag iarraidh rud éigin a dhéanamh fán bhá sin (Mac Ionnrachtaigh 2008: 199).

²⁴ Tugann staidéar a rinne Ó hAdhmaill (1984: Ibid) fianaise staitisticíúil ar an mhéadú seo ar leanadh air trí bhunú scoileanna eile ar fud mhórcheantar Bhéal Feirste agus Thuaisceart na hÉireann.

Mar thoradh ar an ráchairt fán athbheochan sa tréimhse seo, bhí polasaí naimhdeach Rialtas na Breataine, ar ar áiríodh séanadh aitheantais oifigiúil do Ghaelscoileanna²⁵, ag maíomh go raibh cuspóirí an Éireannachais agus an pobal náisiúnach i gcoitinne ar dhóigh éigin treascrach agus neamhdhlisteanach. Tháinig coimhthiú iomlán ar cheantair náisiúnacha den lucht oibre ón stát Bhriotanach agus ba é bealach na Gaeilge ceann de an dóigheanna ar treoraíodh an fhearg sin. (Ó hAdhmaill 1984)

I gcosamar na forbartha agus an fháis a bhí ar ghluaiseacht na teanga sa tuaisceart, tharla méadú fosta ar bhród agus ar fhéinmhuinín ghrúpaí daoine agus daoine aonaracha a neartaigh féinmheas do sciar áirithe den mhórphobal náisiúnach. Bhí gné chumhachtach shóisialta ag baint leis na struchtúir nua seo a chruthaigh ciall eile don fhéiniúlacht agus a chumasaigh na daoine a bhí rannpháirteach go pearsanta agus ar leibhéal comhchoiteann. Sheas gluaiseacht oideachais na Gaeilge anois mar ‘oideachas chun fuascailte’, a bhunaigh é féin mar chóras oideachais eile ar glacadh go fonnmhar leis agus inar luigh an chumhacht leis an phobal, áit a raibh cultúr agus teanga eile mar rogha ann seachas sin a cuireadh chun cinn sa mhórshochaí cheannasach.

Ag cur síos dó ar an phróiseas seo, caitheann an t-iarchime agus díograiseoir pobail Jim McCann, solas ar na forbairtí i mBaile Uí Mhurchu in Iarthar Bhéal Feirste:

After my release from prison I was heavily involved in political work including language work. I knew the language and I knew the politics of it and I was good working with people. Around this time we were involved in a campaign to bilingualise the street signs in Ballymurphy. We were doing door to door collections. This was around 1983/84 the views on the streets was 100% in favour although, this was one of the most deprived communities in Europe. On the back of this, a number of people on the doors asked us about when Ballymurphy would get an Irish school and after this we sort of just thought, come on we'll give it a go...

... We started the school about three weeks later with about three or four kids! I then took the job in the naíonra [Nursery school], After the first year we had one child, Seamus O'Neill, who was the first one who left and we sent him to Gaelscoil na bhFál. Once we achieved this, it really motivated us and as we thought: well that's one! Ironically, now our local Bunscoil [Primary school] is the greatest threat to the future of St Aidan's and their numbers have dramatically dropped over the last number of years as a direct result of the existence of the local Bunscoil. (Mac Ionnrachtaigh 2008: 210)

²⁵ Diúltaíodh maoiniú do Bhunscoil Phobal Feirste, an chéad Ghaelscoil ó thuaidh, ar feadh ceithre bliana déag, sular bhain siad aitheantas amach sa bhliain 1984 i ndiaidh stocaireacht pholaitiúil cuimsitheach. (Mac Ionnrachtaigh 2008)

Idir na luathochtóidí agus na meánochtóidí agus níos moille, d'imir príosúnaigh phoblachtánacha ar ligeadh a gceann leo agus i gcomhar le díograiseoirí eile sa phobal, d'imir siad ról i bhfás córais eile oideachais ar fud Bhéal Feirste agus ar fud an tuaiscirt i nDoire, i dTír Eoghain, in Iúr Chinn Trá, in Ard Mhacha agus i bhFear Manach. Is léir gurb í an diongbháilteacht le tionchar an choilínithe a throid agus a thiontú thart a spreag gníomhaíocht chlaochlaitheach i measc phobal eagraithe beoganta na Gaeilge i dtuaisceart na hÉireann. Is é fás as cuimse na nGaelscoileanna sa tréimhse forbartha seo an sampla is fearr den tiomantas seo a chruthaíonn go féidir le saothar deonach fuascailteach bheith ag soláthar an fhórsa, atá lárnaithe sa ghnáthphobal, i gcomhar díchoilínithe.

Piantaí fáis – Contúirtí an Institúidithe?

‘...what happens to this new popular ideology, forged in the fire of revolution, when the ‘popular’ phase of the revolution is over or when the counter-revolution sets in?’ George Rúde (1980: 36)

Mar sin féin, dála mórán gluaiseachtaí phobalbhunaithe, le fás tapaidh agus leis an rath atá ar ghluaiseacht na teanga i dtuaisceart na hÉireann, tagann contúirtí an institiúidithe ina ndéanann grúpaí coimeádacha atá i bhfabhar an *status quo*, grúpaí gníomhaithe a chomhshamlú, a atreorú nó a ionramháil (Ó Croidheáin 2006: 315). Méadaíonn an baol seo i bpróisis réitithe coimhlinte ina mbíonn tuilleadh deiseanna aitheantais agus maoinithe ar fáil. Tá sé le maíomh ag teoiricithe an institiúidithe, dar le Hourigan (2006: 127), gur é an toradh a bhíonn air, ‘a loss of radical impetus within a social movement without the achievement of real gains.’ Tarlaíonn sé seo de ghnáth, nuair a bhaineann ‘political elites’ úsáid as ‘social capital to divide and conquer a movement network and marginalize dissent within the public sphere’ (Ibid: 138).

Thiar in 2008, d’aithin mise na contúirtí a bhaineann leis an institiúidiú in obair taighde (Mac Ionnrachtaigh 2008) s’agam ach dhearbhaigh mé go raibh sé ró-luath barraíocht béime a chur air mar gheall ar na naisc dhlútha mharthanacha idir gluaiseacht na teanga agus na pobail nó léirithe struchtúrtha leantacha an nuachoilíneachais taobh istigh de stát Thuaisceart Éireann. Os a choinne sin, is léir go bhfuil na fórsaí seo ag bailiú nirt ó shin i leith. I dtréimhsí marbhántachta, bíonn deis ag an stát easaontas a chothú mar atá soiléir ón phróiseas ‘cuíchóirithe’, a d’eascair ón chinneadh a rinne an Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas (CATT) i mí na Nollag 2009 chun atheagar a chur ar earnáil dheonach na Gaeilge. Bhí

seo fréamhaithe i dtitim phléascach an tíogair Cheiltigh nuair a gheall an t-Aire Gaeltachta ó dheas ag an am Éamon Ó Cuív do na scothaicmí polaitiúla go dtiocfadh leis ‘sábháiltí suntasacha’ a dhéanamh tríd ghrúpaí Gaeilge a cónascadh le chéile. (Mac Ionnrachtaigh, *AN* 15 Oct 2011)

Cinntoidh cuspóir reatha Fhoras na Gaeilge i dtreo maoinithe bunaithe ar ‘scéimeanna’ teoranta go mbeidh ‘a top-down trend towards competitive tendering, which can force funding below subsistence levels, disempower and divide.’ (Muller 2010: 135) Cothaíonn modheolaíocht stáit den chineál seo claonadh i dtreo féinspéise agus féinmhaireachtála seachas luacha na hathbheochana agus na hathghabhála. Mar gheall air seo, beidh ‘growing isolation and competition over social resources based solely on each organisation’s immediate needs’, rud a dhéanann é ‘easy for the state to incorporate some and attack others, controlling certain social movements to strengthen its own hold over civil society’. (Harris 2007: 14)

Ar a bharr sin, léiríonn an easpa dul chun cinn maidir le hAcht na Gaeilge do na sé chontae go bhfulaingíonn Gaeilgeoirí de bharr idirdhéalú bunúsach go fóill, fíric a chinntíonn stádas s’acu mar shaoránaigh den dara grád in achan léiriú. In éagmais aon chosaint dleathach, is éisceacht iad Gaeil na Sé chontae i measc cainteoirí teangacha mhionlaithe na noileán seo. Bíodh is gur aontaigh Rialtas na Breataine ar Acht Gaeilge a achtú trí Westminster, i ndiaidh cheangal Chomhaontú Chill Rímhinn in 2006, chuir siad moill ar an chomhairliúchán poiblí ar an Acht sular fhógair siad an dara comhairliúchán poiblí a bhí le tarlú i ndiaidh an dáta a ndéanfaí feidhmeannas roinnte cumhachta a thabhairt ar ais do thuaisceart na hÉireann, rud a thug ar an dóigh sin crosadh éifeachtach d’Aontachtóirí dígeanta Uladh ar aon Acht Gaeilge san todhchaí.²⁶

Go nuige seo, bhain pobal na Gaeilge úsáid sheiftiúil as argóintí ceart-bhunaithe, mar iad sin a chuir saineolaithe ar reachtaíocht teanga i láthair, daoine ar nós Fernand de Varennes (May 2002: 312) a mhaígh gur cheart go mbeadh an ceart ag lucht labhartha mionteangacha a dteanga a úsáid mar chuid de chleachtadh a gceart aonarach féin mar shaoránaigh más mian leo é, ‘the respect of the language principles of individuals.... flows from a fundamental right

²⁶ Ba léir an méid seo sa chluiche bruachaireachta a bhí idir Rialtas na Breataine agus an príomhpháirtí Aontachtach an DUP ag tarraingt suas ar spriocdháta an 26ú Márta 2007 do thabhairt ar ais na cumhachta don Tuisceart. Cúpla lá roimhe sin, bhagair Stárúnaí na Breataine don Tuisceart, Peter Hain, a bheag ná a mhór, go gciallódh gan glacadh leis an spriocdháta do thabhairt ar ais na cumhachta ag deireadh Mhárta don DUP ná Achtú Acht na Gaeilge agus déanamh ar shiúl le roghnú acadúil ach go dtabharfadh aontú ar roinnt cumhachta le poblachtánaigh crosadh dóibh sad á chás (*Irish news* 24 March 2007).

and is not some special concession or privileged treatment. Simply put, it is the right to be treated equally without discrimination, to which everyone is entitled' (Ibid). Ainneoin loighic láidir na n-argointí seo i bhfabhar cearta teanga, cleachtann Rialtas na Breataine an dígeantacht stairiúil chéanna a láidríonn a ndioscúrsa coilíneach agus a thugann creidiúint don dearcadh idirdhealuitheach Aontachtach²⁷. D'fhéadfaí a mholadh go bhfuil cultúr feachtasaíochta níos radacaí le forbairt sa tréimhse amach romhainn chun dul i ngleic leis an staid reatha. Bhí ráth ar *Misneach* sna seascaidí in Éirinn nuair a mhúnlaigh siad an gníomh díreach ar son na gcearta agus tá grúpaí comhaimseartha ar nós *Cymdeithas Yr Iaith Gymraeg* agus grúpaí comhchosúla i dTír n mBascach agus sa Chatalóin ag léiriú go n-éiríonn go héifeachtach leis an chur chuige seo go háirithe mar ghléas tarraingteach chun daoine óga a mhealladh i dtreo na streachailte teangan.

Go deimhin, léiríonn an ganntanas achmhainní atá follasach go fóill in earnáil an Ghaeloideachais mar shampla, bíodh is go bhfuil stádas reachtúil ag an earnáil ó 2000 i leith²⁸, go bhfuil géarghá le straitéis feachtasaíochta éifeachtach chun an neamart a chur ina cheart. I mí Feabhra 2011, tháinig contúirtí institúidithe agus comhshamhlaithe na dispeansáide úire ó thuaidh chun cinn nuair arbh éigean do Choláiste Feirste, an t-aon iarbhunscoil lánGhaeilge sa tuaisceart agus an Ghaelcholáiste is mó in Éirinn, athbhreithniú cúirte a ghlacadh in éadan na Roinne Oideachais mar gheall ar an diúltú leanúnach chun seirbhísí taistil a sholathár don scoil. Ainneoin go soláthraíonn an roinn os cionn 2020 busanna d'iarbhunscoileanna ar fud an tuaiscirt, le scoileanna gramadaí éagsúla le deich mbus ar leith ar fáil daofa, dhiúltaigh an roinn aon seirbhísí taistil a sholáthar don

²⁷ Bhí léiriú air seo san introeir le cáipéis DCAL (An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta) de chuid rialtas na Breataine, ar an Acht Gaeilge a bhí molta in 2007. Dúradh go raibh an Ghaeilge sa Tuaisceart 'controversial' agus go raibh 'genuine fears and concerns' ag aontachtóirí faoi 'the erosion of their British identity' (Ibid). Is léir réasúnaíocht chlasaiceach impiriúil/choilíneach na Breataine anseo a thug tacaíocht do dhearcadh atá go bunúsach idirdhealaitheach nuair a d'úsáid siad na focail, 'genuine fears', mar dhóigh le séanadh ceart ar chainteoirí Gaeilge a chosaint.

²⁸ Bunaíodh Comhairle na Gaelscolaíochta sa bhliain 2000, ag eascairt ó chomhaontú Aoine an Chéasta in 1998. Tá argóint láidir ann i measc díograiseoirí, áfach, nach bhfuil cur chuige forbartha réghníomhach go leor ag an eagraíocht nua reachtáil maidir le forbairt an Ghaeloideachais. Ina dhírbeathaisnéis, léirigh an díograiseoir teanga iomráiteach, Seamas Mac Seáin (2010: 278) gur bhunaigh an réamhtheachtaí dheonach Gaeloiliúint 21 scoil idir 1991-2000 i gcomparáid le 6 scoil ar bhunaigh CnG idir 2000 agus an lá inniú. Ardaíonn Mac Seáin an chéist, 'An é nach bhfuil an t-éileamh céanna ann, go bhfuil buaic an Ghaeloideachais sroichte? Nó an féidir gur chothaigh an maoiniú an maorlathas agus go bhfuil an fuinneamh agus an dúthracht múchta faoi ualach de mhiontuairiscí agus de theidil ardnósacha? An ionann bheith mar chuid don chóras is géilleadh do chungú an chórais agus brí a chailleadh?'

Ghaelcholáiste, rud a chinntíonn go bhfuil páistí ó Dhún Padraig ag taisteál os cionn 5 uair a chloig in aghaidh an lae ar sheirbhís taistil phoiblí. (AN, 25 Feb 2011)

Bhí iontas ar dhíograiseoirí teanga, mar sin, nuair a dhearbhaigh an Roinn Oideachais, faoi réimeas an Ghaeilgeora aitheanta ó Shinn Féin, Caitriona Ruane, go raibh an diúltú ‘practiciúil’ agus gur dualgas ‘mianaidhme’ amháin atá sa dualgas reachtúil chun an teanga a ‘spreagadh agus a eascú’ in alt 89 den acht Oideachais a d’eascair as Comhaontú Aoine an Chéasta 1998²⁹. Is soiléir fosta go bhfuil bóthar fada le taisteal ag Coláiste Feirste maidir le hacmhainní cuí beag beann ar fiche bliain rathúil caite ar an fhód acu. Níl áiseanna spóirt ag an scoil agus tá siad ar cheann de na t-aon mheánscoileanna ó thuaidh ag úsáid bothán go fóill. Tá iardhaltaí ag obair sa scoil a teagascadh i mbotháin, atá ag teagasc i mbotháin agus a bheas ag teagasc a gcuid páistí féin i mbotháin na scoile i gceann cúpla bliain muna n-athraíonn cúrsaí. Is léir go mbeidh an fuinneamh, foighne agus diongbháilteacht chéanna a d’fhorbair fis na scoile go nuige seo ag teastáil go géar sa tréimhse amach romhainn chun na constaicí stairiúla seo a sháru. (Mac Ionnrachtaigh AN, 5 Deireadh Fomhair 2011)

Léiríonn éacht Choláiste Feirste³⁰ agus tionscadail phobalbhunaithe na Gaeilge i gcoitinne gur ón bhun aníos a thagann na forbairtí is suntasaí in athbheochan na Gaeilge. Is nuair a dhéanfar cumhachtú ar an phobal fríd rannpháirteachas agus úinéireacht s’acu a chothú gur féidir dul i bhfeidhm go láidir ar na húdarais chun ceartaí a chuimsiú. Is deacra imeallú a dhéanamh ar phobal agus iad aontaithe ar mhiantaí s’againn. Ní bhainfear comhionannas amach do Ghaeilgeoirí sa chaoi chéanna nach n-éireoidh le hathbheochan na Gaeilge gan feachtasaíocht pholaitiúil shonrach a eagraíonn pobail na tíre seo i dtreo athrú suntasach. Ní hé seo le háiteamh gur chóir go mbeidh an Ghaeilge fán chrann smola ag an

²⁹ Ar 25 Deireadh Fomhair 2011, bhain Coláiste Feirste an t-athbhreithniú cúirte agus an Bhreitheamh Seamus Treacy ag fógairt go raibh ag teip ar an Roinn Oideachais ‘dualgas reachtúil’ s’acu a chomhlíonadh chun an Ghaeloideachas a ‘spreagadh agus a eascú’ fá Alt 89 den Acht Oideachais a d’eascair as Comhaontú Aoine an Chéasta 1998. Dhiúltaigh sé d’argóint na Roinne gur dualgas ‘aspirational’ é an dualgas seo agus dhaingnigh sé an fhíric go bhfuil torthaí praiticiúla agus tábhacht reachtaíochta le teacht ón choimhínt seo. Is ar an bhonn seo a bhréagnaigh sé tuaraim na Roinne go gcothóidh an tseirbhís bus ‘fasach’ do earnálacha oideachais ó thuaidh eile nach dtiteann fán dualgas reachtúil céanna. Níl amhras ach gur oscail an cinneadh dlíthiúil seo doras d’argóintí ceartbhunaithe fán Ghaeloideachais i gcoitinne. Aitheantas poiblí, dobhreagnaithe a bhí ann ar an fhíric atá pobal na Gaeilge ag cur chun cinn le blianta fada. (Mac Ionnrachtaigh, AN, 5 Nov 2011)

³⁰ Bunaíodh Coláiste Feirste, mar Mheánscoil Feirste thiar in 1991 i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich le naonúr daltaí. Diúltaíodh aitheantas don scoil sna luathbhlianta agus chríochnaigh ceist na meánscoile ina morcheist comhionannais don phobal náisiúnach ó thuaidh agus ina scrúdú ‘litmus’ ar chreidiúint phróiseas na síochana agus dáiríreacht Rialtas na Breataine chuige seo. D’éirigh leis an fheachtas chun aitheantas a fháil don scoil i 1997 agus bhog sí go Teach Ard na bhFeá i 1999 agus i 2005 athraíodh ainm na scoile go Coláiste Feirste. Tá 560 dalta ar an scoil anois agus í ar an Ghaelcholáiste in mó in Éirinn.

pholaitíocht pháirtí. Más soiléir aon rud; is é sin gur ghá do phobal na Gaeilge neamhspleáchas agus radacachas na gluaiseachta a chosaint agus clár oibre s'acu féin a leagan amach, bunaithe ar na mianta is uailmhianaí. (Mac Ionnrachtaigh, AN, 17 Sep 2011)

Sa chaoi seo, tá idé-eolaíocht fhuascailteach le hathshealbhú agus le forbairt a chothaíonn gníomhachas ón bhun aníos agus faobhar radacach a sholáthraíonn cosaint ó bhogásacht agus ó institiúidiú. Labhraíonn Freire (1972a) ar an tábhacht go mbíonn díograiseoirí ‘taobh istigh go straitéiseach’ agus ‘taobh amuigh go hidé-eolaíochta’ ach feictear an chontúirt fhollasach go ngreamófar roinnt díograiseoirí agus iad ‘istigh’ go dtí go gcríochnaíonn siad ‘walking, talking and dressing like the invaders’. Mar sin de, mar ghléas claochlaithe atá fuascailteach agus rannpháirteach, tá idé-eolaíocht an dhíchoilínithe, ‘one of the most effective instruments for keeping the revolution from becoming institutionalised and stratified in a counter-revolutionary bureaucracy; for counter-revolution is carried out by revolutionaries who become reactionary.’ (Freire 1972a: 118)

Sa mhílaois úr, ní mór go mbeadh cur chuige radacach agus solúbhta ag Gluaiseacht na Gaeilge, a théann i ngleic leis agus i bhfeidhm ar an stát ar mhaithe le acmhainní agus cearta ach nach mbíonn ag brath orthu le maireachtáil. Sampla topaiciúil amháin den ghníomhachas rannpháirtíoch agus comhthreormhar seo ná RITH 2010, atá spreagtha ag an Korrika rathúil i dTír na mBascach, féile náisiúnta leathbhliantúil³¹ a thagann i bhfoirm rith urraíochta leanúnach ar fud na hÉireann. Leis na mílte páirteach ann ó achan chearn den tír, mheall an togra seo tacaíocht shuntasach agus éagsúil; chothaigh sé rannpháirteachas agus cumhachtú pobail agus bhailigh sé airgead atá riachtanach do thionscadail athbheochana pobalbhunaithe.

Mol an Óige agus tiocfaidh sí!

‘Athbheochan na Gaeilge a threisiú agus a neartú fríd earnáil óige fuinniúil a fhorbairt mar ghléas athbheochana, éifeachtach iarscoile’ *Cuspóir Fhóram na nÓg*

Más é gur féidir aon mhíbhuntáiste a chur i leith an chur chuige gníomhach ón bhun aníos, is é an t-easpa pleanála fad-tearmaí atá soiléir leis in amanna. I gcomhthéacs na hathbheochana Gaelaí ó thuaidh, bhí an Ghaeilge labhartha teoranta go geataí na scoile agus an bhéim uilig ar bhuanú an Ghaeloideachais féin mar ‘chuisle na hathbheochana’. Aithnítear

³¹ D’éirigh leis an fhéile arís i mbliana; RITH 2012.

go forleathan i dtaighde sochtheangeolaíochta, áfach, nach féidir le mionteanga bheith ag brath ar scoileanna chun í a choinneáil beo. Lena chois sin, léiríonn Fishman (2011) nach leor an idé-eolaíocht teanga mar thacaíocht do mhionteanga mura mbeidh luach sóisialta agus feidhmiúlacht ag an chumas sin. Caithfear luach agus úsáid shóisialta a bheith ag an mhionteanga agus ról feidhmúil agus normalaithe aici i ngnáthshaol lucht labhartha na teanga le go mairfidh an mhionteanga mar fheiniméan soch-chultúrtha sa tsochaí sin.

Seo ceacht a d'fhoghlaim lucht athbheochana na Breatnaise sna luath-nóchaidí agus iad ag déanamh taighde ar an chéad chúpla glún de dhaoine óga a tháinig tríd chóras tumoideachais na Breatnaise. Bíodh is go raibh bá ag an ghlúin seo don teanga agus Breatnais de shaghas éigin ar a dtoil acu, ní raibh an fheidhmiúlacht teanga acu chun páistí s'acu féin a thógáil le Breatnais. (Mac Ionnrachtaigh AN, 19 Deireadh Fomhair 2011) Is san athbhreithniú a d'eascair ón taighde seo a shocraigh lucht na Breatnaise ar straitéis chuimsitheach a thiomsú don obair óige trí Bhreatnais le béim ar leith ar an aoisghrúpa 11-25. Cuireadh pleanáil, beocht, fuinneamh agus acmhainní cuí taobh thiar den straitéis seo agus rinneadh mar phríoracht de chuid na gluaiseachta teanga é. D'éirigh go geal leis an straitéis seo ó shin le hardú suntasach in úsáid shóisialta na Breatnaise i measc an aosa óig trí thograí nuálaíochta bunaithe ar ghníomhachtaí sultmhara, úsáid na nuatheicneolaíochta ar nós Facebook agus Twitter, le cur chuige praiticiúil a thug úinéireacht do na daoine óga féin. (Ibid)

Tá an cineál seo oibre ar thús cadhnaíochta anois sna sé chontae ó bunaíodh Fóram na nÓg i mí na Samhna 2009. Sa tuarascáil athbhreithnithe ar an Ghaelscolaíocht a d'fhógair an Roinn Oideachais ó thuaidh in Eanáir 2009, aithníodh in 'Moladh 18' gur chóir 'don Roinn Oideachais deiseanna foghlama neamhfhoirmeálta a thacú agus a spreagadh trí mheán na Gaeilge in earnáil na hóige, agus trí chur chuige na scoileanna méadaithe' (CnG, 2008, xx). Is ón mholadh seo a chinn an t-Aire Oideachais ag an am, Caitríona Ruane, £20,000 a cheadú don chúig bhord leabharlainne sna sé chontae chun an obair óige trí Ghaeilge a éascú ag leibheál pobail. Is mar gheall air seo a bhailigh roinnt díograiseoirí óige Gaeilge le chéile, a bhí ag obair ar an talamh le roinnt mhaith blianta anuas, chun Fóram na nÓg a bhunú. Bhí sé d'aidhm ag an Fhóram ón tús, guth straitéiseach agus cur chuige comhoibrithe agus comhpleanála a éascú don earnáil óige Gaeilge ar fud na Sé Chontae (Mac Ionnrachtaigh AN, 19 Deireadh Fomhair 2011).

Ó shin, tá an Fóram ag soláthar deis dhaonlathach, rannpháirteach a thógann na scairsealbhóirí san earnáil le chéile chun todcháil na oibre óige Ghaeilge a phleanáil. Dhá

bhliain níos faide anonn, tá níos ná 26 cumann óige Gaeilge, atá aitheantas bainte amach acu, á reáchtáil ar fud an tuaiscirt agus polasaí agus straitéis fadtéarmach á n-ullmhú acu don earnáil i gcoitinne. Tá cúrsaí oiliúna do dhaoine óga ar nós an OCN i gceannaireacht na hÓige aistrithe agus á reáchtáil trí mheán na Gaeilge don chéad uair riamh i stair an stáit ó thuaidh agus glúin úr de cheannairí ag múnlú thodhchaí na hearnála. Tá oibrí óige Gaeilge lánaimseartha fostaithe ag Bord Leabharlainne Bhéal Feirste agus sé chumann ar siúl ar fud na cathrach agus Gaeil óga ag freastal orthu gach oíche sa tseachtain. Mar sin féin, an dúshlán is mó a bheas ag Fóram na nÓg amach anseo ná aitheantas lárshruthaithe a fháil ó na húdaráis chuí ó thuaidh le cinntiú go bhfaigheann an earnáil óige gaeilge na hacmhainní suntasacha a bheas ag teastáil chun spriocanna uaillmhianacha, sochtheangeolaíochta s'acu a bhaint amach. (Ibid)

Níl amhras ar bith gur ag cothú dhátheangóirí éighníomhacha don mhórchuid atá muid murach go bhfuil muid i ndán deiseanna buana labhartha agus foghlama leanúnacha a thabhairt dóibh siúd a tháinig fríd an chóras Gaeloideachais ó thuaidh (Mac Ionnrachtaigh AN, 19 Deireadh Fomhair 2011). Mar thúsphointe, ní mór go ndéanfar taighde cuimsitheach a chur ar bun chun eolas cuí a bhailiú ar an chéad chúpla glún de dhaoine óga a tháinig fríd an chóras Gaelscolaíochta ó thuaidh. Cá bhfuil cónaí orthu? An bhfuil Gaeilge líofa go fóill acu? An dtógann siad páistí s'acu le Gaeilge? An bhfuil páistí s'acu féin ag freastal ar Ghaelscoileanna? Tá freagraí na gceisteanna seo ríthábhachtach d'aon phlean athbheochana teanga a mhúnláitear amach anseo. Ní ar mhaithe le hullmhú tuairisce bolscaireachta a bheadh an t-eolas seo ag teastáil ach mar chuid de bhailiúcháin buneolais oibiachtúil shochtheangeolaíochta a chuirfeas dúshraith leis an athbhreithniú cuimsitheach atá riachtanach más rud é go bhfuil forbairtí suntasacha le tarlú amach anseo le hatbheochan na Gaeilge ó thuaidh. (Ibid)

Níor chóir go mbeadh aon eagla orainn faoi na himpleachtaí a bheadh lena leithéid de thaighde. Ní ag coimheád thar ár ngualainn ag naimhde na teanga a bheadh pobal na Gaeilge leis an staidéar seo ach ag pleanáil don todhchaí. Cibé freagraí, torthaí, figiúirí agus teoiricí a d'eascródh ón phíosa seo taighde, beidh siad fréamhaithe i gcúinsí sochtheangeolaíochta, socheacnamaíochta, agus sochchultúrtha na linne seo agus ní bhainfidh siad pioc de chreidiúint ó na hiarrachtaí iontacha atá déanta ag pobal na Gaeilge san athréimniú teanga comhaimseartha go dtí seo. Go deimhin féin, d'fhéadfadh an próiseas seo léarscáil fhorbartha fheiliúnach a chruthú a thógann féidearthachtaí praiticiúla chun na mílte Gael a mhealladh ar

ais i dtreo na hathbheochana Gaelaí. Is amhlaidh is fusa a bheas, mar sin, pobail labhartha Gaeilge³² a éascú agus a chothú sna blianta amach romhainn. (Ibid)

Athghabháil na Gaeilge sa mhílaois úr- ‘Ní thitfidh sé ón spéir’

For the colonised just as for the coloniser, there is no way out other than a complete end to colonisation. The refusal of the colonised cannot be anything but absolute, that is, not only revolt, but a revolution. *Albert Memmi (1965: 194)*

I gcroílár na peirspeictíochta radacaí atá le héascú amach anseo, is léir go bhfuil cultúr comhphleanála le sealbhú in éineacht le hidé-eolaíocht dhíchoilínithe atá fréamhaithe sa ghníomhachas ón bhun aníos. Má tá scoilphobail láidre, inbhuanaithe le bheith tógtha amach anseo, tá páirtnéireachtaí forbartha pleanáilte le forbairt idir an Ghaelscoil áitiúil agus díograiseoirí teanga áitiúla chun pleananna sochtheangeolaíochta intomhaiste agus insroichte a leagan amach. Tá samplaí éifeachtacha den chur chuige pleanáilte áitiúil ann sa Bhreatain Bheag leis an *Mentrau Iaith* (language venture) a sheachadann seirbhísí agus pleananna teanga don phobal áitiúil ar bhonn comhordaithe. (Williams 2000) Feictear amhlaidh i dTír na mBascach, áit a éascaíonn an eagraíocht teanga náisiúnta AEK, scoileanna Bascaise áitiúla chun pleananna teanga cúig bliana a fhorbairt do thuismitheoirí a chuideodh leo teanga baile a dhéanamh as *Euskera*.

Is dúshlanaí a bhíonn na hiarrachtaí seo ar ndóigh i ré seo an domhandaithe nualíobrálaigh nuair atá an forlámhas idirnáisiúnta teangeolaíoch a bhaineann le Béarla³³, agus a mhonoplacht, á spreagadh ag airgead, ar scannán/mheáin, eolaíocht, theicneolaíocht

³² D’fhéadfá bunú agus forbairt an comhchumainn peile lánGhaelach, Laochra Loch Lao CLG ó 2006 i leith a lua mar mhionsampla amháin den bhealach gur féidir pobal labhartha Gaeilge a chothú. Éacht poiblíochta a bhí ann do Ghaelphobal Feirste agus an Cheathrú Ghaeltachta i mBéal Feirste nuair a ceadáíodh Laochra Loch Lao isteach i gComórtaí Peile na Gaeltachta in 2007. Spreag seo úsáid shóisialta agus sultmhar na teangan i measc iardhaltaí bunscóile agus bhí chumhacht shiombalach fhíochmhar leis na hiarrachtaí ó shin i leith. Thóg an cumann comhghuallaíocht agus buanchairdeas le Gaeltachtaí eile ar nós Ros Muc, An Rinn Port Láirge agus Oileáin Árann na Gaillimhe agus ghríosaigh siad úsáid na Gaeilge arís i measc phobail Ghaeltachta eile. Rinneadh clár teilifíse BBC faoin na Laochra in 2010 a bhain na figiúirí feachúna is airde amach do chlár Gaeilge i stair an staisiúin. Bhain siad cluiche ceannais peile na hÉireann amach ag an chomórtas ag leibheál sóisear in 2011 agus chaill siad in éadan Naomh Muire as Anagaire i gcluiche a bhí beo ar TG4. An dúshlán is mó atá roimh an chumann san fhadtárma ná chun cumann neamhspleách saorscartha a bhunú ar Bhóthar na bhFál. Spreag seo foireann comhchosúil i mBÁC darbh ainm Na Gaeil Óga atá ag treabhadh an ghoirt chéanna ó bhí 2010 ann.

³³ Mhaígh Phillipson (1992) go seoltar forlámhas teanga trí idé-eolaíocht athnuachana atá i bhfad ó bheith neodrach ach a spreagtar go polaitiúil. Dar le Phillipson, daingníonn sé seasamh ceannasach eacnamaíoch agus polaitiúil na Breataine agus SAM sa domhan nua-aoiseach trí ardú an Bhéarla mar theanga an chaipitleachais idirnáisiúnta/Dhomhanda.

agus ar aois an eolais/an idirlín ag ceadú dó ‘rationalisation process whereby the unequal power relations between English and other languages are explained and legitimated...in favour of the dominant language’ a chruthú. (Phillipson 1992: 287-288) Le cois, thug fionnachtana Michael Krauss (1992), teangeolaí mór le rá, creidiúint staitisticiúil do na tuairimí seo. Dar leis, de réir an ráta reatha aistrithe teanga, feicfead sa 21ú céad 90% de theangacha an domhain nó le bheith níos cruinne 5,400 teanga as 6,000 acu, á gcailleadh agus á gcur i riocht a meatha. Is é tréith chomónta atá ag gach cás de ghnáth ná a teagmháil le mórtheanga níos cumhachtaí a léirítear fríd a forlámhas polaitiúil, cultúrtha agus socheacnamaíoch.

Dar le Krauss, is é a bhíonn mar thoradh air seo gan amhras ná imeallú mionteangacha agus teangacha a dearnadh mionteangacha díobh a tharlaíonn ar dhóigheanna éagsúla:

‘the circumstances which have led to the present language mortality known to us range from outright genocide, social or economic or habitat destruction, displacement, demographic submersion, language suppression, enforced assimilation or assimilatory education to electronic media bombardment especially television, an incalculably lethal new weapon, which I have called ‘cultural nerve gas’. (Krauss 1992: 8)

Déanann May (2002: 316) fianaise don fhírinne gur próisis mhíchothroma chumhachta sochpholaitiúla agus socheacnamaíochta sa domhandú nualioibrálach is cúis leis an mharú teanga seo ar scála gan fhásach. Thug sé rabhadh gurb é a dhéanfaidh an míchothrom maidir le mionchultúir agus le mionteangacha: ‘continue so patently to play a significant (even central) part in many of the political disputes in the world today’. Lena chois sin, tá daoine ar fud an domhain ag frithbheartú in éadan iarmhairtí dochracha an domhandaithe nualioibrálaigh dar le Manuel Castells (1997: 69), socheolaí clúiteach a mhaígh an méid seo: ‘with the exception of a small elite of wealthy *Globapolitans* completely ‘resent the erosion of their cultural identities, the loss of control over their lives, over their governments, over their countries, and ultimately, over the fate of the earth.’

In ainneoin nádúr leitheadúil thionscadal an domhandaithe cheannasaigh, tagann mórán gníomhaithe comhaimseartha Gaeilge le barúlacha Castells agus déanann sainmhíniú orthu féin taobh istigh d’idé-eolaíocht díchoilínithe agus frithbheartaíochta a d’imir ról barrthábhachtach i spreagadh na réabhlóide Éireanaí go luath san fhichiú céad ach a leanann de bheith ag spreagadh gníomhaithe an lae inniu. Faoin réasúnaíocht seo, thig go fóill gníomhachas sa Tuaisceart a shainmhíniú i dtéarmaí Freire mar chur in iúl claochlaitheach ar ‘cultural resistance’ agus mar fhoirm den ‘counter-consciousness’(Freire 1972: 68-9). Thig

leis seo peirspeictíocht radacach a éascú trína dtig le daoine aonair agus gníomhaithe nádúr a gcultúir agus a bpolaitíochta a scrúdú i gcomhthéacs náisiúnta agus domhanda. Ar an dóigh seo, thig le gníomhachas Gaeilge ón bhun aníos ‘a critical theory of knowledge’ (Ibid) a chruthú a sholáthraíonn deiseanna i gcomhar na rannpháirtíochta gníomhaí, an chumasaithe agus na gníomhaíochta a bhfuil feidhm léi. Is éifíeachtaí agus is cumhachtaí an gníomhachas seo sa sochaí sibhialta nuair a léiríonn sé cumas féinmhaireachtála sa phobal mar a chonaic muid leis an tionscadail reabhlóideach, féinchuidithe a d’fhorbair le Gaeltacht Bhóthar Seoighe. Neartaíonn seo tuairaim Fishman (2005: 10) fosta go bhfuil spléachas iomlán ar tacaíocht stáit reghnomhaí ‘tantamount to succumbing to slow-paced euthanasia rather than to the firing squad’.

Ar a bharr seo, taispeanann togra Bhóthar Seoighe go bhfuil tábhacht lárnach ann go craobhscaoiltear an teanga ó ghlúin go glúin maidir le inbhuanaitheacht na bpobail mionteangacha (Ibid. 1991). Maíonn Fishman (Ibid: 396) nach leor an crann taca í an ide-eolaíocht radacach chun teangacha mhionlaigh a normalú mura bhfuil úsáid agus feidhmiúlacht shóisialta acu chun iad a choinneáil ar an snámh. Cuireann Mac Siomóin (2011: 249-50) béim ar an pointe céanna agus é ag moladh ‘straitéis thomhaiste chéimseach réalaiocht’ fríd feachtas athghabhála a dhíríonn sciar shuntasach d’achmhainní reatha i dtreo pobal beo de chainteoirí Gaeilge a chruthú de 50,000 go 100,000 duine. Deir Mac Siomóin go bhfuil cath ide-eolaíochta le troid agus feachtas poiblíochta suntasach chun ‘Bearlóirí atá fabhrach dháiríre don Ghaeilge a aithint agus a earcú’ (Ibid: 250).

Léiríonn scéal na hathbheochana pobalbhunaithe ó thuaidh gur féidir le gníomhachas ón bhun aníos ‘comhfhiosacht chriticiúil’ a thógáil i measc pobail atá faoi leigéar agus agus ag an am céann céanna daoine aonair a chlaochlú ‘from feelings of hopelessness and inferiority to hope and self-awareness thereby developing his capacity to become an ‘agent for change’’ (Friere 1972a: 75). Feictear gur féidir le díograiseoirí difear substaintiúil a dhéanamh i scéal na staire. Murach gur shuigh seachtar sios le chéile in Sráid Uí Chonail in 1893, cuirim i gcás, is cinnte nach mbeadh muid inár suigh ag an chomhdháil seo inniú agus tá mé féin cinnte de nach mbéinn ag seasamh os bhur gcomhair inniú ach a bé don sáriarracht a rinne muintir Bhóthar Seoighe chun síol na hathbheochana a leagan síos sna mall seascaidí. Mar sin de, is cóir breathnú ar athbheochan na Gaeilge i dtuaisceart na hÉireann mar chur ón bhun aníos le díchoilíniú domhanda. Suíonn an cur leis seo go deismir le sainmhíniú Tuhiwai Smith (1999: 4), acadóir Maorach ar fhothéacs agus ar acmhainn a leithéid de mhodheolaíocht athbheochana: ‘the past, our stories local and global, the present, our

communities, cultures, languages and social practices - all may be spaces of marginalisation, but they have also become spaces of resistance and hope'.